
# Mata Ceolmhar: Patrúin i bhFuaim

***Amharcaimis ar an dóigh a n-úsáideann cumadóirí patrúin mhatamaiticiúla sa cheol!***

## J.S. Bach: Invention Uimhir 1 i C Mór BWV 772






Déan cleachtadh ar an móitíf thuas agus seinn í ar uirlis.

Amharc ar na hidirchéimeanna sa mhóitíf seo, an bhfuil patrún ann?

Cá mhéad uair a chluineann tú an mhóitíf seo sa chéad 8 mbarra?

FUAIME 0’00” – 0’30”


CC BY NC



FUAIME 0’00” – 0’30”

Éist arís leis na chéad 8 mbarra agus roghnaigh an ráiteas cuí thíos:

- ❑ *Cluintear an mhóitíf dhá uair ar an lámh dheas den phianó de réir mar a sheinneann an lámh chlé fonn eile*


- ❑ *Tugtar an mhóitíf isteach ar an lámh dheas. Déanann an lámh chlé aithris uirthi de réir mar a leanann an lámh dheas ar aghaidh, agus ar an dóigh sin forluíonn an dá lámh ar a chéile. Go luath ina dhiaidh sin, tagann an mhóitíf ar ais ar an lámh dheas.*

- ❑ *Seinntear an mhóitíf ar an lámh chlé ar an bpianó ar dtús. Ansin seinneann an lámh dheas an mhóitíf ag an am céanna leis an lámh chlé.*


cc BY NC

# Teicníc Chumadóireachta 1

**Barra 1**




**FUAIME** bar 1 0'00" – 0'06"

**FUAIME** bar 9 0'30" – 0'34"


Bain triail as ar d'uirlis go dtí go bhfuil tú ábalta an leagan seo de bharra 1 a sheinm.

I mbarra 9, cluinimid an mhóitíf arís, ainmnigh agus mínigh an teicníc chumadóireachta a chluintear sa bharra seo.

Líon isteach na nótaí atá ar iarraidh do bharra 9 ar an gcliath thíos.





**Barra 9**




CC BY NC

# Teicníc Chumadóireachta 2


Barra 1



**FUAIME** bar 1 0’00” – 0’06”


Éist arís le barra 1, agus ansin éist le barra 21.

Ainmnigh an teicníc chumadóireachta a úsáideann Bach i mbarra 21, déan comparáid idir na nótaí tosaigh sa dá bharra.




Amharc ar an scór scríofa do bharra 21, agus déan cur síos ar an teicníc chumadóireachta.

Barra 21



Amharc ar an **BHFÍSEÁN** seo chun tacú leat agus anailís á déanamh agat ar an gceol.

**FUAIME** bar 21 1’11” – 1’16”



cc BY NC

# Tasc Cumadóireachta

Cum móitíf ghairid, nó tóg móitíf ó phíosa ceoil atá ann cheana féin.

Cuir na teicnící cumadóireachta céanna a d'úsáid Bach i bhfeidhm sa phíosa seo m.sh.,

Bain triail as teicníc chumadóireachta eile de do rogha a chur leis, mar shampla...






**Déan cleachtadh air agus seinn an píosa!**


cc BY NC